EUROPEAN CAPITALS OF INCLUSION AND DIVERSITY

**Nóta Treorach d'iarratasóirí**

*Léigh na treoirlínte seo go cúramach sula ndéanann tú an fhoirm iarratais a líonadh. Gheobhaidh tú anseo an t-eolas uile is gá a chuideoidh leat na ranna san fhoirm iarratais a líonadh i gceart agus cur síos cruinn ceart a dhéanamh ar do ghníomhaíochtaí.*

**FAISNÉIS BHUNÚSACH**

**Teanga: Moltar d'iarratasóirí an t-iarratas a chur isteach i mBéarla**, chun an t-athbhreithniú ar na tograí a éascú agus chun dlús a chur leis an bpróiseas meastóireachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go nglacfar le tograí a chuirfear isteach in aon cheann de **theangacha oifigiúla an Aontais** agus go n-aistreofar iad trí chóras aistriúcháin uathoibrithe.

**Modh seachadta na n-iarratas:** tríd an uirlis ar líne

**Spriocdháta:** 30 Eanáir 2026 (12.00 CET)

**CONAS AN t-IARRATAS A LÍONADH**

Ba cheart d'iarratas a bheith chomh soiléir agus chomh beacht agus is féidir ionas go mbeidh na saineolaithe neamhspleácha agus an Giúiré Eorpach in ann meastóireacht a dhéanamh ar d'iarrachtaí i réimse na héagsúlachta agus an chuimsithe.

Déan cinnte de go ndearna tú **do chur chuige agus do straitéis** maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú **a chur i láthair go soiléir** agus go bhfuil **príomhghníomhaíochtaí nuálacha** mionsonraithe agat as ar eascair do chuid gnóthachtála sa réimse seo. Sonraigh amlíne na ngníomhaíochtaí: an tráth a seoladh iad, an dul chun cinn a rinneadh maidir lena gcur chun feidhme, agus cad iad na forbairtí a bheidh ann amach anseo. Cuimhnigh go mbronnfar an gradam bunaithe ar réimse na ngníomhaíochtaí atá á gcur chun feidhme ag d'údarás áitiúil, agus ní bunaithe ar ghníomhaíocht amháin.

Dírigh **ar mhionsonraí, ar fhíricí agus ar uimhreacha**. Tabhair **samplaí**, **agus eolas cáilíochtúil agus cainníochtúil** san áireamh.

Tá spásanna san áireamh san uaslíon léirithe carachtar atá ar fáil do gach freagra.

**A/CINEÁL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL**

**Cur síos gairid ar d'údarás áitiúil (baile, cathair nó réigiún)**

Tabhair breac-chuntas ar an stair a bhaineann le d'údarás áitiúil, a gheilleagar agus a dhaonra, go háirithe na gnéithe sin atá ábhartha don éagsúlacht agus don chuimsiú. Go sonrach, bheadh sé ina ábhar spéise léargas a fháil ar na nithe seo a leanas: na dúshláin atá le sárú ag an údaráis áitiúil, mar

shampla, leibhéil ísle rathúnais eacnamaíoch nó bacainní bonneagair ar inrochtaineacht srl.; agus éagsúlacht an phobail i limistéar an údaráis áitiúil chomh maith leis na hathruithe atá tarlaithe ina leith sin le déanaí, mar shampla, teacht isteach líon mór imirceach, nó aosú an daonra, srl. Is fiú trácht a dhéanamh ar aon bhacainn ar leith sa chomhthéacs áitiúil nó náisiúnta a chuireann bac ar do thionscnaimh ar aon fhoras sonrach idirdhealaithe.

**B/ CINEÁL AGUS RAON FEIDHME NA DTIONSCNAMH**

Sainaithin na príomhthionscnaimh éagsúlachta agus cuimsithe atá déanta ag d'údarás áitiúil nó atá á ndéanamh aige, agus déan cur síos ar raon iomlán na dtionscnamh sin. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na tionscnaimh sin: feabhas a chur ar staid[1] agus ar thaithí[2] grúpaí sonracha atá neamhchosanta ar idirdhealú (ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlachta LADTIA); agus/nó aghaidh a thabhairt ar riachtanais ar leith[3] na ngrúpaí sin.

I gcás inar féidir, ba cheart go léireofar cur chuige cuimsitheach sna tionscnaimh sin maidir le gach ceann de na forais idirdhealaithe, agus, mar chuid de sin, go léireofar cur chuige trasnach. Ba cheart fís uaillmhianach a shainaithint agus a shaothrú sna tionscnaimh maidir le hathrú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith na héagsúlachta agus an chuimsithe atá á shaothrú ag d'údarás áitiúil.

I gcás gach príomhthionscnaimh, tabhair breac-chuntas orthu agus na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leis agus na snáitheanna gníomhaíochta atá ann;
- páirtithe leasmhara lena mbaineann agus na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú;
- acmhainní atá leithdháilte agus atá geallta;
- na réimsí beartais uile a chumhdaítear; agus
- an dáta tosaigh agus an dáta deiridh.

I gcás inarb iomchuí, sainaithin go follasach má tá do chuid tionscnamh dírithe ar ghrúpaí sonracha atá neamhchosanta ar idirdhealú (bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA), agus aon bhéim ar an trasnachas mar a bhaineann sé leis na forais idirdhealaithe sin. Is fiú trácht a dhéanamh ar aon straitéis ar leith a bhfuil baint ag do thionscnaimh léi.

Ba cheart go léireodh na tionscnaimh cur chuige comhleanúnach i leith na héagsúlachta agus an chuimsithe thar raon réimsí beartais ag an údarás áitiúil, mar aon le fís uaillmhianach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúlachta agus cuimsithe mar fhostóir, laistigh de lucht saothair an údaráis áitiúil.

D'fhéadfaí Roinn B den fhoirm iarratais a úsáid chun críocha fógraíochta (foilsiú ar shuíomh gréasáin an ghradaim, i mbróisiúr, etc.), mar sin bí chomh soiléir agus is féidir sa tuairisc a thugann tú.

**C/ ÚINÉIREACHT/ LEIBHÉAL TIOMANTAIS**

---

[1]Tagraíonn 'staid' do mhíbhuntáiste na ngrúpaí sin, bíodh sé de chineál eacnamaíoch, sóisialta, polaitiúil nó cultúrtha.
[2]Tagraíonn 'taithí' do chineál agus do cháilíocht an chaidrimh atá ag na grúpaí sin leis an bpobal i gcoitinne agus le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.
[3]Tagraíonn 'riachtanais ar leith' do na riachtanais a thagann chun cinn do na grúpaí sin a bhaineann lena bhféiniúlacht agus leis an mbealach a roghnaíonn siad a saol a chaitheamh bunaithe ar an bhféiniúlacht sin maidir le gach ceann de na forais idirdhealaithe.

Tabhair tuairisc ar do chur chuige ginearálta i leith na héagsúlachta agus an chuimsithe i dtéarmaí an ráitis beartais uileghabhálaigh, na straitéise nó an phlean gníomhaíochta a dhéanann d'údarás áitiúil a chur chun feidhme don réimse seo, agus na struchtúir agus na córais eagraíochtúla atá i bhfeidhm chun an cur chun feidhme sin a chur chun cinn.

Tabhair tuairisc ar do chur chuige ginearálta, mar shampla, trí bhreac-chuntas a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ráitis bheartais ardleibhéil maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú agus gealltanais ina leith.
- Straitéis thiomnaithe chun do ghníomhaíocht maidir leis an éagsúlacht agus chuimsiú a spreagadh agus a threorú, nó gné éagsúlachta agus chuimsithe a bheith mar chuid de straitéis nó creat beartais níos leithne ag an údarás áitiúil, agus leibhéal na hinfheistíochta atá curtha isteach sa mhéid sin/sna nithe sin.
- Struchtúr eagraíochtúil/struchtúir eagraíochtúla i d'údarás áitiúil ar a bhfuil freagracht as beartais agus gníomhaíochtaí éagsúlachta agus cuimsithe a chur chun feidhme, a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, cuir i gcás, freagracht a bhunú i rannóg amháin nó níos mó nó í a leagan ar rannóg amháin nó níos mó agus/nó amhlaidh a dhéanamh i gcás coistí comhordaithe tras-rannacha, chomh maith leis na hacmhainní a leithdháiltear ar na struchtúir eagraíochtúla sin agus an fhoireann a cheaptar chucu.
- Córais chun béim ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú a phríomhshruthú i do chuid beartas, clár agus rialachán go léir. Agus na córais sin á sainaithint, is fiú na céimeanna a glacadh a aithint chun an méid seo a leanas a dhéanamh: caighdeáin a leagan síos maidir leis an gcaoi a ndéantar na córais sin a chur chun feidhme; acmhainneacht foirne a fhorbairt chun na córais sin a chur chun feidhme; agus cur chun feidhme acmhainní na gcóras príomhshruthaithe sin.
- Tionscnaimh chun ceannasaíocht a thabhairt d'earnálacha seachtracha agus chun páirt a thabhairt dóibh, mar shampla, an earnáil phríobháideach, agus aghaidh á tabhairt ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú.
- Má tá Cairt um Éagsúlacht sínithe ag d'údarás áitiúil agus má tá sé ina bhall den Chairt Náisiúnta um an Éagsúlacht; agus má tá d'údarás áitiúil ina bhall d'aon líonra atá dírithe ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú.

**D/ TIONCHAR**

Sainaithin na bealaí a bhfuil do phríomhthionscnamh nó do phríomhthionscnaimh éagsúlachta agus cuimsithe tar éis feabhas a chuir ar staid agus ar thaithí na ndaoine atá neamhchosanta ar idirdhealú (ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA) agus/nó na bealaí lenar tugadh aghaidh ar riachtanais ar leith na ndaoine sin leis an tionscnamh nó na tionscnaimh sin ó cuireadh ar bun é/iad.

Agus an méid sin á dhéanamh agat, sainaithin na táscairí agus na spriocanna is tábhachtaí a shocraítear do gach tionscnamh (le haghaidh na spriocghrúpaí éagsúla, más féidir) agus conas a thagann siad sin lena n-aidhmeanna agus lena gcuspóir. Cuir príomhshonraí cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla a chur san áireamh chun na haschuir ghearrthéarmacha, na torthaí meántéarmacha agus na tionchair fhadtéarmacha a baineadh amach le do thionscnaimh a léiriú. Sainaithin conas a dhéantar aon fhíorú seachtrach ar na sonraí sin maidir le haschuir, torthaí agus tionchair agus cé a dhéanann an fíorú sin.

Sa mheasúnú sin ar éifeachtacht agus ar thionchar, ní mór tagairt a dhéanamh do na tionscnaimh a luaitear i Roinn B/ Cineál agus Raon Feidhme na dTionscnamh.

**E/ CÁILÍOCHT AGUS INBHUANAITHEACHT NA DTIONSCNAMH**

1. **Conas a dhéanann d'údarás áitiúil monatóireacht agus meastóireacht ar thionscnamh éagsúlachta agus cuimsithe agus a chinntiú gur tionscnaimh ardcháilíochta iad?**

Tá cáilíocht na dtionscnamh éagsúlachta agus cuimsithe ríthábhachtach dá dtionchar dearfach ar staid agus ar thaithí na ngrúpaí sin atá neamhchosanta ar idirdhealú agus ar neamhionannas (ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA).

Déan na sásraí meastóireachta agus monatóireachta a bunaíodh i d'údarás áitiúil chun cáilíocht na dtionscnamh sin a rianú agus a chinntiú le linn a gcur chun feidhme agus ina dhiaidh a chur i láthair. Déan na sásraí atá i bhfeidhm chun an méid a fhoghlaimítear ó na tionscnaimh sin a thabhairt ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm, chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh reatha agus chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh amach anseo. Sainaithin cé atá rannpháirteach sna sásraí sin. Is féidir leat a chur in iúl freisin an mbaineann do thionscnaimh le haon straitéis náisiúnta agus/nó Eorpach agus leis na caighdeáin a leagtar síos leo sin nó an bhfuil siad ailínithe leo.

2. **Conas a chinntíonn d'údarás áitiúil inbhuanaitheacht agus leanúnachas na dtionscnamh éagsúlachta agus cuimsithe chun leanúnachas na hiarrachta sna tionscnaimh atá á ndéanamh agus gníomhaíocht chun cur leis na tionscnaimh sin a chinntiú?**

Chun inbhuanaitheacht na dtionscnamh éagsúlachta agus cuimsithe a chinntiú, ní mór leanúnachas iarrachta a choinneáil ar bun, agus infheistíocht leanúnach airgeadais agus acmhainní daonna a chinntiú ionas go ndéanfar na torthaí atá bainte amach a bhuanú agus a fhorbairt tuilleadh, cuir i gcás, trí athrú ar shainorduithe polaitiúla.

Tabhair tuairisc ar na bearta atá déanta chun inbhuanaitheacht agus leanúnachas na dtionscnamh a rinneadh a chinntiú agus chun cur leis na torthaí a baineadh amach, agus pleananna, próisis, gníomhaíochtaí, acmhainní daonna agus cistiú atá i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm chun an inbhuanaitheacht sin a bhaint amach á sainaithint.

**F/ RANNPHÁIRTÍOCHT DAOINE ATÁ NEAMHCHOSANTA AR IDIRDHEALÚ**

1. **I gcás gach ceann de na spriocghrúpaí a sainaithníodh, tabhair tuairisc ar na struchtúir agus ar na próisis rannpháirtíochta atá i bhfeidhm chun a rannpháirtíocht a chinntiú (ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA). Sainaithin an bhfuil eagraíochtaí ionadaíocha na spriocghrúpaí sin, chomh maith le saineolaithe éagsúlachta páirteach sna struchtúir agus sna próisis sin nó i struchtúir agus i bpróisis eile. Sainaithin an gcuimsítear pleanáil agus cur chun feidhme thionscnaimh, straitéisí agus bheartais d'údarás áitiúil agus meastóireacht orthu, ar tionscnaimh, straitéisí agus beartais iad lena dtugtar aghaidh ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú, leis an rannpháirtíocht sin.**

Tabhair tuairisc ar na cuir chuige rannpháirtíochta atá curtha chun feidhme ag d'údarás áitiúil chun an rannpháirtíocht sin a chinntiú trí bhreac-chuntas a thabhairt maidir leis na struchtúir agus na próisis le haghaidh caidreamh leis an spriocghrúpa agus le haghaidh rannpháirtíocht le heagraíochtaí ionadaíocha agus le saineolaithe ábhartha, lena sainaithnítear cé atá rannpháirteach iontu, cad iad na spriocghrúpaí agus na forais idirdhealaithe ar tugadh aghaidh orthu, a mhinice a thagann siad le chéile, agus an tionchar atá acu.

2. **Tabhair tuairisc ar na gníomhaíochtaí chun acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil do na heagraíochtaí ionadaíocha sin (maidir leis na forais seo a leanas: inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA). Sainaithin**

**acmhainní agus tacaíochtaí a chuirtear ar fáil chun bonn taca a chur faoina rannpháirtíocht éifeachtach agus leanúnach i do thionscnaimh agus i do straitéisí agus i do bheartais lena dtugtar aghaidh ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú agus an bhfuil eagraíochtaí ionadaíocha rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta seo. Sainaithin cineál agus méid na n-acmhainní sin agus an bhfuil na tacaíochtaí sin fós ann agus á gcur ar fáil go bliantúil.**

Sainaithin na gníomhaíochtaí sin a rinne d'údarás áitiúil ina leith sin, trí bhreac-chuntas a thabhairt maidir le cineál agus méid na tacaíochta leanúnaí sin d'eagraíochtaí ionadaíocha agus a rannpháirtíocht sa chinnteoireacht. Mínigh an chaoi a gcuidíonn na gníomhaíochtaí sin lena n-iarrachtaí a chruthú agus a bhuanú, agus an chaoi a gcuidíonn siad leo rannpháirtíocht éifeachtach a bheith acu le d'údarás áitiúil. Bheadh tacaíocht chomhchineáil, cistiú dá dtionscnaimh, agus cistiú lárnach le haghaidh a n-eagraíochtaí a fhorbairt agus a chothú san áireamh ansin, agus trácht á dhéanamh ar na forais idirdhealaithe a chumhdaíonn na heagraíochtaí ionadaíocha sin.

**G/CÉN FÁTH A BHFUIL AN GRADAM TUILLTE AG D'ÚDARÁS ÁITIÚIL?**

Mínigh cén fáth a bhfuil do chur chuige agus do thorthaí maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú nuálach agus mór, agus cén fáth a gcreideann tú go bhfuil an gradam tuillte ag d'údarás áitiúil.

Luaigh na héachtaí atá déanta ag d'údarás áitiúil sa réimse seo ar ábhar mórtais dó iad. Is féidir leat a chur in iúl cad a sheasann amach i straitéisí, beartais agus tionscnaimh d'údarás áitiúil maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú, agus cad iad na gnéithe ar fiú go mór iad a chur chun cinn mar dhea-shamplaí d'údaráis áitiúla eile.

## H/ CUID ÉIGEANTACH le haghaidh iarratais ar an nGRADAM SONRACH D'ÚDARÁIS ÁITIÚLA: MARGAÍ SAOTHAIR UILECHUIMSITHEACHA DO CHÁCH

1. **Leag amach tuiscint agus fís d'údaráis áitiúil le haghaidh 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' agus éagsúlacht na ndaoine (do na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus/nó féiniúlacht LADTIA) a dhírítear orthu leis an méid sin.**

   Tabhair léiriú éigin ar cad is brí leis an gcoincheap 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' do d'údarás áitiúil, do thiomantas do dhul chun cinn a dhéanamh agus do 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' a bhaint amach, agus cé hiad na spriocghrúpaí don uaillmhian sin.

   **Sainaithin agus tabhair breac-chuntas maidir le haidhmeanna agus cuspóirí aon straitéisí nó aon bheartas de chuid d'údaráis áitiúil chun an fhís sin a chur chun cinn maidir le 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách'.**

   Tabhair léiriú éigin ar chur chuige straitéiseach d'údaráis áitiúil maidir le 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' a bhaint amach agus breac-chuntas á thabhairt maidir le haidhmeanna agus cuspóirí aon straitéise nó aon bheartais atá i bhfeidhm chun caighdeáin a chur chun cinn agus a leagan síos le haghaidh 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách'.

2. **Tabhair tuairisc ar thrí cinn de phríomhthionscnaimh d'údaráis áitiúil chun torthaí 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' a chur chun cinn.**

   Bheadh na trí phríomhthionscnamh sin dírithe ar chuid de na nithe seo a leanas nó ar gach ceann díobh seo a leanas:
   - idirdhealú a chomhrac agus/nó a chosc maidir le rochtain ar fhostaíocht/gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET);
   - socrú a dhéanamh chun oiriúnú do riachtanais shonracha atá ag na grúpaí éagsúla bunaithe ar na forais idirdhealaithe, agus eolas uilechuimsitheach, cumarsáid agus próisis iarratais inrochtana, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha le haghaidh

deiseanna fostaíochta/gairmoideachais agus oiliúna (VET) a chinntiú agus/nó tacú leo;

- maidir le deiseanna fostaíochta/gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a chruthú agus a phleanáil, go gcuirfear réimse na héagsúlachta atá bunaithe ar na forais idirdhealaithe sin san áireamh nuair atá na próisis á ndearadh;
- bearta spriocdhírithe a chinntiú do ghrúpaí sonracha ar fud réimse na héagsúlachta sin chun aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht agus/nó ar easpa cáilíochtaí leordhóthanacha, trí fhorbairt gairme uilechuimsitheach a chur ar fáil do chách (deiseanna oiliúna, uas-scilithe agus athscilithe) agus/nó seirbhísí gairmtreorach spriocdhírithe do ghrúpaí atá thíos le heisiamh sóisialta;
- comhoibriú le gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla chun tionscnaimh fostaíochta a chruthú lena ndíreofar ar chuardaitheoirí poist éagsúla ar fud réimse na héagsúlachta atá bunaithe ar na forais idirdhealaithe éagsúla agus/nó feabhas a chur ar a nasc le fostóirí, cuir i gcás, trí chláir jaboiliúna, cúrsaí oiliúna, aontaí post, comhpháirtíochtaí forbartha lucht saothair agus/nó tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);
- beartais éagsúlachta agus cuimsithe gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla a mhapáil agus treoir a thabhairt;
- feachtais agus/nó tionscnaimh múscailte feasachta a eagrú, infheistíocht a dhéanamh iontu agus/nó tacú leo, lena leagtar béim ar na tairbhí (e.g. sóisialta agus/nó eacnamaíocha) a bhaineann le lucht saothair éagsúil agus le háiteanna oibre uilechuimsitheacha d'údaráis áitiúla agus don phobal ina limistéar;
- tionscnaimh a dhéanamh/tacú le cuimsiú sóisialta cuardaitheoirí poist a bhfuil gnéithe éagsúla éagsúlachta acu i bpobail áitiúla;
- infheistíocht a dhéanamh i gcóras éifeachtach scileanna áitiúla a fhorbairt (mar shampla, trí thaighde, sonraí a bhailiú, dea-chleachtais a mhalartú) chun scileanna lucht saothair agus a fheabhsú, cuir i gcás, i measc grúpaí sonracha sa réimse éagsúlachta atá bunaithe ar na forais idirdhealaithe, chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil agus chun daoine a ullmhú do shaol na hoibre mar a bheidh sé amach anseo.

**Sainaithin na spriocghrúpaí, agus aon ghné thrasnach do na tionscnaimh sin á cur san áireamh, maidir leis na forais seo a leanas: inscne, aois, míchumas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, agus féiniúlacht LADTIA.**

**Sonraigh tionchar na dtionscnamh sin, más féidir, le haghaidh gach ceann de na spriocghrúpaí sainaitheanta.**

Bheadh roinnt mionsonraí san áireamh ansin maidir leis na príomhtháscairí agus na príomhspriocanna a leagtar síos le haghaidh na dtionscnaimh sin, spriocghrúpaí, agus príomhshonraí cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla maidir le haschuir ghearrthéarmacha, torthaí meántéarmacha agus tionchair fhadtéarmacha.

3. **I gcás gach ceann de na spriocghrúpaí atá sainaitheanta, tabhair tuairisc ar na struchtúir agus/nó ar na próisis chun páirt a thabhairt dóibh i dtionscnaimh d'údaráis áitiúil maidir le 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách', agus chun dul i gcomhar leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha. Sainaithin an gcuimsítear leis na struchtúir agus na próisis sin dearadh agus cur chun feidhme do phríomhthionscnaimh nó do phríomhthionscnamh agus aon straitéisí nó beartas atá mar bhonn taca leis na tionscnaimh sin chomh maith le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air nó orthu.**

   Tabhair léiriú éigin ar na struchtúir agus ar na próisis atá i bhfeidhm, ar cé atá páirteach iontu sin agus ar na forais idirdhealaithe a dtugtar aghaidh orthu, agus ar a mhinice a thagann siad le chéile, agus an tionchar atá acu.

**I/ ÁBHAIR TACAÍOCHTA – ROGHNACH**

Chomh maith leis **an t-eolas a thugtar san fhoirm iarratais ar líne agus sa Dearbhú onórach, atá éigeantach agus ar cheart é a shíniú agus a uaslódáil mar chuid den fhoirm iarratais**, iarrtar ort cur i láthair PowerPoint 10 sleamhnán a uaslódáil ina ndéanfar láidreachtaí d'iarratais a léiriú aird a tharraingt ar (mar shampla, le pictiúir).

**J/ TEAGMHÁLAÍ AGUS SEOLADH POIST**

Tabhair anseo na sonraí teagmhála uile is gá don duine i d'údarás áitiúil atá freagrach as an iarratas seo.